BAINNE

AN GHNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA BAINNE TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS 2008

AN GHNÍOMHAIREACHT
NÁISIÚNTA **BAINNE**

Bhunaidh an tOireachtas an Gníomhaireacht Náisiúnta Bainne le soláthar bainne chun óil sa stát seo a rialú mar a leagtar amach é san Acht (um Rialachán Soláthair) Bainne, 1994.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Donncha Ó Murchú

Do: An tUas. Breandán Mac Gabhann, TD, Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne don bhliain 2008 a thíolacadh de réir Alt 18 d'Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994.

Tháinig géarchéim urghnách gan choinne airgeadais chun cinn anuraidh ar ghéarchéim í a leath amach sa gheilleagar i gcoitinne rud ba chúis le lag trá domhain fairsing eacnamaíochta ar fud an domhain. Níor éirigh le saormhargaí iad féin a cheartú agus bhí gá le hidirghabháil ó rialtais i gcuid mhór tíortha chun athchaipitliú a dhéanamh agus, i roinnt cásanna, chun bainc a náisiúnú mar iarracht chun cobhsaíocht a athbhunú, chun leachtacht a fheabhsú agus chun stop a chur le cúngú eacnamaíochta.

I gcás gheilleagar beag oscailte oileánda na hÉireann, ba mheasa an tionchar a bhí ag meath eacnamaíochta agus ag laghdú ar luach airgeadraí i dtíortha phríomhchustaiméirí na hÉireann mar gheall ar ghéarchéimeanna fioscacha agus baincéireachta sa bhaile, mar aon le dúnadh gnóthaí agus méadú ar dhífhostaíocht.

Maidir le earnáil déiríochta na hÉireann a onnmhairíonn 80% dá haschur, ba é a bhí mar thoradh ar éileamh laghdaitheach, ar sholáthairtí méadaitheacha, ar luaineacht mhéadaithe praghsanna agus ar laghdú ar luach airgeadraí na bpríomhchustaiméirí a ndéantar onnmhairiú chucu ná praghsanna onnmhairithe níos ísle le haghaidh táirgí déiríochta agus, dá dheasca sin, praghsanna míosúla níos ísle le haghaidh bainne monarúcháin do tháirgeoirí. Cé go raibh an meánphraghas bliantúil táirgeora le haghaidh bainne monarúcháin, is é sin le rá 32.24 c/lítear, gan cáin bhreisluacha a áireamh, mórán mar a chéile leis an mbliain 2007, tháinig laghdú 27% ar phraghsanna míosúla táirgeora idir mí an Mhárta agus mí na Nollag.

Tháinig méadú beag, chuig 578 milliún lítear, ar thomhaltas bainne úir ar an margadh baile. Tháinig laghdú, áfach, ar sholáthairtí baile bainne i margadh an bhainne úir, is é sin le rá, laghdú go dtí 79% ach tháinig méadú ar sholáthairtí allmhairithe bainne, idir bhainne i mbulc agus bhainne pacáistithe, is é sin le rá méadú go dtí sciar 21%.

Lean bainne úr de bheith ina mhargadh an-mhaith i gcónaí ó thaobh praghais de agus mar tháirge bia atá folláin agus cothaitheach. Cé gur tháinig méadú 22% sa bhliain 2007 ar mheánphraghas miondíola bainne úr gan bhearradh ar an margadh baile, ní raibh an praghas miondíola ar bhainne chomh hard fós leis an méadú sa treoirphraghas do thomhaltóirí ón mbliain 1995 i leith. I dtéarmaí réadúla, sa bhliain 2008, bhí praghas an bhainne 6% níos lú ná mar a bhí sé sa bhliain 1995.

Maidir leis an meánphraghas bliantúil táirgeora le haghaidh bainne lena phróiseáil lena ól ina leacht, shroich sé a leibhéal is airde riamh sa bhliain 2008, is é sin le rá 37.58 c/lítear, gan cáin bhreisluacha a áireamh; b'ionann sin agus méadú 2.3 c/lítear nó méadú 7% i gcomparáid leis an mbliain 2007. Tháinig laghdú, áfach, ar sciar na dtáirgeoirí den mheánphraghas bliantúil miondíola, is é sin le rá, go dtí 34% i gcomparáid le 39% sa bhliain 2007.

Tháinig dúblú beagnach ar an difreáil idir an meánphraghas táirgeora ar bhainne leachtach agus an meánphraghas measta ar bhainne monarúcháin sa bhliain 2008, go dtí 5.34 c/lítear, i gcomparáid leis an difreáil íseal 2.74 c/lítear sa bhliain 2007, ar dhifreáil í sin a bhí eisceachtúil agus a bhí ina ábhar imní.

Sa chéad ráithe den bhliain 2009, lean an meath idirnáisiúnta ar tháirgí déiríochta idirnáisiúnta agus, d'ainneoin tacaíochtaí méadaithe don mhargadh ón AE, tá laghdú géar tagtha ar phraghsanna le haghaidh bainne táirgeoirí AE.

In Éirinn, tá laghdú tagtha ar an bpraghas táirgeora le haghaidh bainne monarúcháin, a íocadh i Márta 2009, is é sin le rá, laghdú 20% go dtí tuairim is 21 c/lítear uaireanta, ar praghas míosúil é nach raibh a leithéid ann ó bhí an bhliain 1983 ann.

Ina theannta sin, ó thús bhliain bhainne 2008/09, tá laghdú tagtha ar phraghsanna míosúla táirgeora ar sholáthairtí bainne lena phróiseáil lena ól ina leacht, ar laghdú é atá os cionn 8 c/lítear ar an meán.

Táthar ag ceapadh, áfach, go dtiocfaidh margaí onnmhairithe ar ais chucu féin de réir a chéile agus go spreagfaidh praghsanna níos ísle ar tháirgí déiríochta an t-éileamh agus go dtiocfaidh cúngú, mar gheall ar phraghsanna níos ísle bainne, ar na soláthairtí bainne i dtíortha ina bhfuil costais arda táirgthe.

Ar an margadh baile, is é a lean as cogadh praghsanna miondíola ná praghsanna miondíola íslitheacha ar bhainne úr agus tionchar diúltach ar ioncam agus ar mhuinín táirgeoirí bainne leachtaigh.

Sa ghearrthéarma, áfach, i dtaca leis na páirtithe gaolmhara go léir in earnáil déiríochta na hÉireann, tá cuma éagobhsaí

ar an todhchaí; tá géarchéim ann sa tionscal; ní mór do phróiseálaithe déileáil le praghsanna margaidh atá ag titim agus beidh ar fheirmeoirí déiríochta déileáil le laghduithe suntasacha ioncaim sa bhliain reatha.

Le linn na tréimhse corraithí urghnáiche seo, tá sé de dhualgas ar phróiseálaithe bainne a ndícheall a dhéanamh chun a chinntiú go leanfaidh gach táirgeoir de mhuinín a bheith acu as táirgeadh bainne agus, go háirithe, chun a chinntiú nach gcailleann táirgeoirí cláraithe bainne muinín i dtáirgeadh bainne ar fud na bliana i gcomhair próiseála lena ól ina leacht.

Cláir

Sa bhliain 2007/08, tháinig laghdú go dtí 2,008 gconradh ar an líon conarthaí soláthair bainne a bhí cláraithe leis an nGníomhaireacht agus bhí 455 mhilliún lítear bainne lena phróiseáil lena ól ina leacht san áireamh sna conarthaí sin. B'ionann sin agus laghdú 71 chonradh i gcomórtas leis an líon conarthaí a bhí cláraithe an bhliain roimhe seo agus méadú 22.5 milliún lítear sna soláthairtí bainne cláraithe. Tháinig laghdú go dtí 14 ar an líon próiseálaithe cláraithe.

Conarthaí

Bhí 1,861 chonradh soláthair bainne 'ar fud na bliana' (AYR) ann i dtaca le soláthairtí 446 mhilliún lítear bainne agus b'ionann an líon sin agus 93% de na conarthaí agus 98% de na soláthairtí bainne. Tháinig laghdú 47, nó 2%, ar líon na gconarthaí AYR.

147 a bhí sa líon conarthaí geimhridh, ar figiúr é atá comhionann le 7% de na conarthaí agus 2% de na soláthairtí bainne. Tháinig laghdú 24, nó 14%, ar líon na gconarthaí geimhridh.

Faoi na conarthaí AYR, leanadh ar aghaidh leis an gCóras Cothromphraghais mar phríomhchóras praghsála le haghaidh soláthairtí cláraithe bainne agus cuireadh i bhfeidhm é i ndáil le 75% de na conarthaí agus i ndáil le 69% de na soláthairtí bainne. Cuireadh Córas Phraghas an Bhainne Monarúcháin móide Bónas i bhfeidhm i gcás 25% de na conarthaí agus i gcás 31% de na soláthairtí bainne.

Praghsanna Bainne 2007/08

Sa bhliain bhainne 2007/08, ba é a bhí sa mheánphraghas a íocadh ar bhainne faoin 1,861 chonradh AYR, gan cáin bhreisluacha a áireamh, ná 38.84 c/lítear, arbh é an praghas ab airde ar taifead é agus b'ionann sin agus méadú 6.73 c/lítear nó méadú 21% i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.

Faoin gCóras Cothromphraghais ba é a bhí sa mheánphraghas a íocadh ná 39.38 c/lítear, agus ba é a bhí sa mheánphraghas a íocadh faoi Chóras Phraghais an Bhainne Monarúcháin ná 37.60 c/lítear; léiríonn an praghas is déanaí atá luaite an meath ar phraghsanna míosúla ar bhainne monarúcháin i rith na bliana.

Tomhailt agus Miondíol

Is léir i gcónaí an dúil atá ag tomhaltóirí na hÉireann i mbainne úr, mar tháirge cothaitheach, folláin, ilacmhainne agus mar mhargadh maith ó thaobh a phraghais de, agus tá an tríú háit ag tomhaltóirí na hÉireann i dtaca le tomhailt *per* capita bainne úir san AE.

Maidir le tomhailt bainne úir ar an margadh baile sa bhliain 2008, tháinig méadú 0.2% air go dtí 578 milliún lítear. Leanadh den éileamh méadaitheach, i measc tomhaltóirí, ar bhainne beagmhéathrais agus ar bhainne bearrtha agus is ionann líon na dtáirgí sin anois agus 31% de na díolacháin iomlána i gcás bainne úir.

Leanadh den chomhdhlúthú ar mhargadh grósaeireachta na hÉireann agus tá trí mhór-ilghrúpa i gceannas ar beagnach 70% den mhargadh anois.

Allmhairí bainne lena ól ina leacht

Maidir le hallmhairí bainne úir lena ól ina leacht, lena n-áirítear allmhairí bainne i mbulc lena phróiseáil sa Stát agus bainne i bpacaí tomhaltóra, lean siad de bheith ag méadú anuraidh agus b'ionann a méid agus 122 mhilliún lítear, rud a léiríonn méadú 10 milliún lítear nó méadú 8% i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.

Ba é a bhí i méid na n-allmhairí bainne i mbulc lena phróiseáil lena ól ina leacht ná 52% de na hallmhairí sin agus b'ionann an méid bainne i bpacaí tomhaltóra agus 48% díobh.

Maidir leis an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí bainne sin, tháinig méadú air go dtí 21% den mhargadh baile le haghaidh bainne úir i gcomparáid le 19% an bhliain roimhe seo.

An Earnáil Déiríochta

Sa bhliain 2008, tháinig laghdú 3%, go dtí 4,959 lítear, ar sholáthairtí baile bainne agus tháinig laghdú freisin ar an líon táirgeoirí gníomhacha go dtí 19,686 tháirgeoir. D'fhan na meánsoláthairtí bliantúla bainne in aghaidh an táirgeora gan athrú ag leibhéal 252,000 lítear.

Sa bhliain 2008, mar gheall ar phraghsanna laghdaitheacha ar tháirgí déiríochta, tháinig laghdú 27% ar phraghsanna míosúla ar bhainne monarúcháin, is é sin le rá, laghdú ó phraghas measta 37 c/lítear, gan cáin bhreisluacha a áireamh, i Márta go 27 c/lítear i mí na Nollag, rud a chealaigh beagnach na méaduithe míosúla ar fad ar phraghsanna sa bhliain 2007.

Maidir leis an meánphraghas táirgeora ar sholáthairtí bainne monarúcháin sa bhliain 2008, arbh é a bhí ann ná 32.24 c/lítear, ní raibh i gceist ann ach 1% níos lú ná mar a bhí sé sa bhliain 2007. Tháinig laghdú ar ioncaim dhéiríochta, áfach, mar gheall ar mhéaduithe costais i ndáil le praghsanna ar thiubhacháin, ar fhuinneamh agus ar leasacháin.

Rinneadh an cúigiú céim den íocaíocht préimhe déiríochta AE a bhí ann chun cúiteamh a dhéanamh maidir leis an laghdú ar phraghsanna idirghabhála tacaíochta agus arbh é a méid ná 3.65 c/lítear, a ionchorprú san Íocaíocht Feirme Aonair a íocadh le gach faighteoir cáilithe i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Nollag.

D'fhógair an EU bearta idirthréimhseacha a bhí dírithe ar dheireadh a chur le cuótaí bainne sa bhliain 2015 trí mhéadú 1% a dhéanamh ar chuótaí náisiúnta bainne thar gach ceann de na cúig bliana seo chugainn chomh maith le coigeartú a dhéanamh ar an ríomhaireacht saille ime a bheidh comhionann le méadú 2% eile ar an gcuóta d'Éirinn sa bhliain 2009.

Airgeadas

Ba é a bhí in ioncam iomlán na Gníomhaireachta anuraidh ná €681,642, sin méadú €48,303 nó méadú 8% i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo. B'ionann an t-ioncam ó thobhaigh bhainne, is é sin le rá €625,881, agus 92% den ioncam iomlán, agus tháinig méadú €41,000 nó méadú 57% air agus tháinig méadú €7,303 nó méadú 15% ar ioncam eile.

Le héifeacht ón 1 Meitheamh 2008, rinneadh méadú 0.018 cent in aghaidh an lítir, go dtí 0.145 cent in aghaidh an lítir, ar ráta an tobhaigh ar bhainne a cheannaítear lena ól ina leacht.

Bhí méadú €2,050 nó méadú 0.3% ann i gcás na gcostas oibríochta €628,361. Maidir le costais phearsanra agus costais ghaolmhara, arb é atá iontu ná 72% de na costais iomlána, tháinig méadú €2,179 nó méadú 0.5% orthu ach tháinig laghdú €129 ar chostais eile.

Bhí barrachas oibríochta €53,281 ann mar gheall ar an bhfarasbarr idir ioncam €681,642 agus costais €628,361 agus cuireadh an barrachas sin isteach sa Chiste Carnaithe.

Ba é a bhí sa Chiste Carnaithe €774,187 ag deireadh na bliana ná airgead tirim agus taiscí (glan ar dhliteanais chreidiúnaithe agus dliteanais aoisliúntais) arbh é a bhí ann ná suim €668,858, féichiúnaithe €101,917 agus sócmhainní dochta €3,412.

Comhaltas/Cruinnithe na Gníomhaireachta

Bhí seacht gcruinniú ag an nGníomhaireacht i rith na bliana agus 82% a bhí sa chóimheas freastail.

Ceapadh Jerome Crowley chun folúntas a líonadh a bhí ann nuair a d'éirigh Cormac Guinan as oifig mar chomhalta is táirgeoir. Is mian liom buíochas a ghabháil le Cormac as a shaothar cuiditheach agus as a thacaíocht don Ghníomhaireacht le linn a théarma oifige.

Bhí trí chruinniú ag an gCoiste Iniúchta i rith na bliana.

Comhlíonadh

Tá ceanglais an Chóid Cleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit comhlíonta go hiomlán ag an nGníomhaireacht.

Chomhlíon an Ghníomhaireacht ceanglais an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, maidir le híocaíocht a dhéanamh laistigh de 30 lá ó shonraisc a fháil.

Conclúid

Is mór ag an nGníomhaireacht an cúnamh agus an comhoibriú a thug próiseálaithe bainne leachtaigh agus comhlachtaí ionadaitheacha táirgeoirí, próiseálaithe, tomhaltóirí, miondíoltóirí agus dáileoirí i rith na bliana.

Is mór ag an nGníomhaireacht freisin an tacaíocht agus an chomhairle a fuarthas ó oifigigh na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh & Bia agus ó Ghníomhaireachtaí Stáit.

Thar mo cheann féin, gabhaim buíochas le comhaltaí na Gníomhaireachta as a saothar agus as a gcomhairle chríonna agus le Muiris agus le foireann na Gníomhaireachta as a gcuid oibre agus as a dtiomantas.

Donncha Ó Murchú
Cathaoirleach

Cathaoirleach

*Donncha Ó Murchú**

Ionadaithe na dTáirgeoirí

*Éamann Ó Bré**

Diarmuid Ó Crulaoí

Dónall Ó Ceileachair

Pádraig Ó Maolagáin

Dónall Ó Murchú

Ionadaithe na bPróiseálaithe

*Seoirse Ó Ciaráin**

Seán Ó Ceallacháin

Antaine Ó Drisceoil

Proinsias Tóbín

Ionadaí na nDáileoirí

Uaitéar Ó Maoldhomhnaigh

Ionadaí na Miondíoltóirí

Seán Foster

Ionadaithe na dTomhaltóirí

*Risteard Ó Donnchú**

Micheál Mac Giolla Chaoin

**Comhaltaí an Choiste Iniúchta*

Cathaoirleach:	Donncha Ó Murchú *
Ionadaithe na dTáirgeoirí:	Éamann Ó Bré * Diarmuid Ó Crulaoí Dónall Ó Ceileachair Pádraig Ó Maolagáin Dónall Ó Murchú
Ionadaithe na bPróiseálaithe:	Seoirse Ó Ciaráin * Seán Ó Ceallacháin Antaine Ó Drisceoil Proinsias Tóbín
Ionadaí na nDáileoirí:	Uaitéar Ó Maoldhomhnaigh
Ionadaí na Miondíoltóirí:	Seán Foster
Ionadaithe na dTomhaltóirí:	Risteard Ó Donnchú * Micheál Mac Giolla Chaoin

**Comhaltaí an Choiste Iniúchta*

Príomhfheidhmeannach:	Muiris Ó Céidigh
Rúnaí:	Siobhán Uí Sheanáin
Oifig:	Teach IPC, 35/39 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Ríomhphost:	natmilk@eircom.net
Láithreán Gréasáin:	www.nationalmilkagency.ie
Aturnae:	Frank Mulvey Frank Mulvey Solicitors, Morrison Chambers, 32 Sráid Thobar Phádraig, Baile Átha Cliath 2.
Baincéirí:	Banc-Aontas Éireann cpt. Bankcentre Branch, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Auditor:	Deloitte & Touche Deloitte & Touche House, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2.

CLÁR

1	Soláthairtí Bainne	10
2	An Margadh Bainne Leachtaigh	15
3	Conarthaí Praghsanna/Cláraithe	17
4	Próiseálaithe	23
Aguisín 1	Cruinnithe de chuid na Gníomhaireachta	24
Aguisín 2	Clár na dTáirgeoirí/Soláthairtí Bainne	25
Aguisín 3	Difreálaigh Bhliantúla Phraghais	26
Aguisín 4	Struchtúr Soláthairtí Bainne Táirgeoirí Cláraithe	27
Aguisín 5	Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais	29
Aguisín 6	Reachtanna/Ionstraimí Reachtúla	41

Muiris Ó Céidigh
Príomhfheidhmeannach

1. SOLÁTHAIRTÍ BAINNE

1.1 Soláthairtí Baile Bainne

Ba é a bhí sna soláthairtí baile bainne d'uachtarlanna agus do phaistéaraithe sa bhliain 2008 ná 4,959 milliún lítear agus léiríonn sé sin laghdú 131 mhilliún lítear nó laghdú 3% i gcomparáid le soláthairtí sa bhliain 2007. Tháinig laghdú 2.5%, go dtí 19,686, ar líon na dtáirgeoirí gníomhacha bainne agus d'fhan na meánsoláthairtí bliantúla bainne in aghaidh an táirgeora gan athrú, is é sin le rá bhí 252,000 lítear ann.

Rinneadh 91% de na soláthairtí baile bainne a úsáid chun táirgí déiríochta a mhonarú, ar táirgí iad a raibh a bhformhór díobh le honnmhairiú, agus próiseáladh 9% de na soláthairtí mar bhainne lena ól ina leacht ar an margadh baile.

FÍOR 1.0 ÚSÁID SOLÁTHAIRTÍ BAINNE 2008



Ba shaintréith de chuid soláthairtí baile bainne i gcónaí an pátrún suntasach séasúrach táirgeachta atá bunaithe ar tháirgeadh bainne talaimh féaraigh agus ar bhreith séasúrach laonna; soláthraíodh 78% de na soláthairtí bainne sna seacht mí ó Mhárta go Meán Fómhair agus soláthraíodh 22% díobh sna cúig mhí ó Dheireadh Fómhair go Feabhra go huile.

Bhí cóimheas míosúil ard/íseal 5.4/1 ann i dtaca leis an bpróifíl soláthair baile bainne, is é sin le rá, cóimheas míosúil ard/íseal 7.1/1 i ndáil le soláthairtí bainne ó tháirgeoirí bainne monarúcháin agus 1.8/1 i ndáil le soláthairtí bainne ó tháirgeoirí bainne leachtaigh.

TÁBLA 1.1 SÉASÚRACHT SOLÁTHAIRTÍ BAILE BAINNE (DE RÉIR EARNÁLA)

BLIAIN	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002
	Cóimheasa míosúla Ard/Íseal						
Monarúchán	7.1	8.2	8.7	8.2	8.0	8.2	8.9
Leachtach	1.8	1.8	1.8	1.8	1.8	1.9	2.0
IOMLÁN	5.4	5.6	5.7	5.5	5.5	5.6	6.1

Foinse: DAFF/CSO

FÍOR 1.2 SOLÁTHAIRTÍ BAILE BAINNE, SOLÁTHAIRTÍ BAINNE MONARÚCHÁIN, SOLÁTHAIRTÍ Ó THÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE AGUS TOMHAILT BAINNE LEACHTAIGH (IN AGHAIDH NA MÍOSA) 2008



* Bainne a dhíoltar lena ól ina leacht laistigh den Stát lena n-áirítear allmhairí bainne phacáistithe.

Foinse: CSO/NMA

1.2 Soláthairtí Bainne ó Tháirgeoirí Cláraithe

Ba é a bhí i méid iomlán na soláthairtí bainne ón 2,051 táirgeoir gníomhach chláraithe sa Stát (lena n-áirítear táirgeoirí gan conarthaí cláraithe sa bhliain 2007/08) ná 796 mhilliún lítear (Aguisín 4 – Tábla A), sin méadú 2.6 milliún lítear nó méadú 0.2% i gcomparáid le soláthairtí sa bhliain 2006/07. Maidir le soláthairtí lena bpróiseáil mar bhainne lena ól ina leacht, bhí 465 mhilliún lítear ann nó 58% de na soláthairtí ar fad ó tháirgeoirí bainne leachtaigh agus ba é a bhí i méid na soláthairtí lena bpróiseáil ina dtáirgí déiríochta monaraithe ná 331 milliún lítear nó 42% de na soláthairtí ar fad.

Is grúpa suntasach iad na táirgeoirí cláraithe bainne san earnáil soláthair baile bainne agus is ionann a líon agus 10% de na táirgeoirí go léir agus soláthraíonn siad 16% de na soláthairtí baile bainne. Ní amháin go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais bainne ar fud na bliana i gcás bainne lena ól ina leacht, ach soláthraíonn siad 7% de na soláthairtí baile bainne monarúcháin freisin.

FÍOR 1.3 SOLÁTHAIRTÍ BAILE BAINNE 2008



Sa bhliain 2007/08, bhí soláthairtí bliantúla 388,000 lítear ar an meán ag táirgeoirí cláraithe, i gcomparáid le meánsoláthairtí 366,000 lítear an bhliain roimhe seo.

1.3 Soláthairtí Geimhridh Bainne

Le linn na gcúig mhí gheimhridh fhorordaithe ó Dheireadh Fómhair 2007 go Feabhra 2008, ba é a bhí i méid iomlán na soláthairtí bainne ó tháirgeoirí gníomhacha cláraithe bainne ná 275 mhilliún lítear, is é sin le rá, méadú 2 mhilliún lítear i gcomparáid le tomhaltas bainne leachtaigh 242 mhilliún lítear (lena n-áirítear allmhairí), rud a d'fhág go raibh clúdach soláthair 114% ann.

I mí na Nollag 2007 agus i mí Eanáir 2008, ba é a bhí i méid iomlán na soláthairtí ó tháirgeoirí gníomhacha cláraithe ná 109 milliún lítear agus bhí an méid sin 12 mhilliún lítear os cionn thomhaltas bainne leachtaigh 9 7 milliún lítear (lena n-áirítear allmhairí) sna míonna sin, sin clúdach soláthair 112%.

FÍOR 1.4 SOLÁTHAIRTÍ MÍOSÚLA BAINNE Ó THÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE, TOMHALTAS BAINNE LEACHTAIGH AGUS ALLMHAIRÍ MÍOSÚLA 2008



Foinse: CSO/NMA

1.4 Allmhairí

Anuraidh, ba é a bhí sa mhéid bainne a allmhairíodh isteach sa Stát i mbulc lena phróiseáil ag uachtarlanna agus ag paistéaraithe ná 464 mhilliún lítear, sin laghdú 9 milliún lítear nó laghdú 2% i gcomparáid leis an mbliain 2007.

TÁBLA 1.5 ALLMHAIRÍ BAINNE I mBULC MAR % DE SHOLÁTHAIRTÍ BAILE BAINNE 1996-2008

	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	1999	1998	1997	1996
	milliúin lítear												
Soláthairtí	4,959	5,090	5,083	4,915	5,116	5,157	5,032	5,179	5,012	4,973	4,944	5,105	5,144
Allmhairí (bulc)	464	473	566	550	377	349	278	209	304	361	282	-	-
Allmhairí mar %	9	9	11	11	7	7	5	4	6	7	6	0	0

Maidir le hallmhairí bainne i mbulc sa bhliain 2008, nach n-áirítear iontu 464 mhilliún lítear d'allmhairí bainne leachtaigh i bpacaí tomhaltóra, ba é a bhí iontu go formhór ná gluaiseachtaí trasteorann bainne isteach sa Stát ó Thuaisceart Éireann.

B'ionann na hallmhairí bainne i mbulc sa bhliain 2008 agus 9% de na soláthairtí baile agus 24% de sholáthairtí bliantúla bainne Thuaisceart Éireann.

Ba é a bhí i méid na n-allmhairí bainne i mbulc lena bpróiseáil ina dtáirgí déiríochta monaraithe ná 86% de na hallmhairí sin agus ba é a bhí i méid na n-allmhairí lena bpróiseáil lena ól ina leacht sa Stát, is é sin le rá 63 mhilliún lítear, ná 14% i gcomparáid le 87% agus 13% faoi seach an bhliain roimhe seo.

B'ionann líon na n-allmhairí iomlána bainne lena ól ina leacht, i mbulc agus i bpacaí tomhaltóra, agus 122 mhilliún lítear, sin méadú 10 milliún lítear nó méadú 10% i gcomparáid le méideanna na n-allmhairí an bhliain roimhe seo.

B'ionann na 63 mhilliún lítear d'allmhairí bainne i mbulc agus 52% de na hallmhairí bainne lena ól ina leacht, sin méadú 1 mhilliún lítear nó méadú 2% i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.

Maidir le hallmhairí bainne úir i bpacaí tomhaltóra, meastar gurb é a méid ná 59 milliún lítear agus gurbh ionann an méid sin agus 48% de na hallmhairí bainne lena ól ina leacht, sin méadú 9 milliún lítear nó méadú 18% i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.

TÁBLA 1.6 ALLMHAIRÍ BAINNE, I mBULC AGUS PACÁISTITHE, LENA ÓL INA LEACHT 1996-2008

	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	1999	1998	1997	1996
	milliúin lítear												
Bulc	63	62	58	55	55	48	42	50	43	44	45	16	0
Pacaí tomhaltóra	59	50	46	40	38	41	26	24	23	20	-	-	0
ALLMHAIRÍ IOMLÁNA	122	112	104	95	93	89	68	74	66	64	45	16	0

FÍOR 1.7 AN SCIAR DEN MHARGADH BAILE BAINNE LEACHTAIGH AG ALLMHAIRÍ 1996 -2008



TÁBLA 1.8 TOMHALTAS BAINNE LEACHTAIGH Ó SHOLÁTHAIRTÍ BAILE AGUS Ó ALLMHAIRÍ

	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	1999	1998	1997	1996
	milliúin lítear												
Tomhaltas	578	577	568	559	556	571	563	564	553	549	543	533	536
Soláthairtí baile	456	465	464	464	463	482	495	490	487	485	498	517	536
Allmhairí Iomlána	122	112	104	95	93	89	68	74	66	64	45*	16*	0
Soláthairtí Baile mar % de Thomhaltas	79	81	82	83	83	84	88	87	88	88	91	97	100
Allmhairí mar % de Thomhaltas	21	19	18	17	17	16	12	13	12	12	9	3	0

* Níl allmhairí pacáistithe san áireamh agus níl siad ar fáil

Foinse: CSO/NMA

Tháinig laghdú ó 81% sa bhliain 2007 go dtí 79% ar sciar margaidh na soláthairtí baile i margadh bainne úir an Stáit agus tháinig méadú go dtí 21%, ó 19% sa bhliain 2007, ar an sciar margaidh i dtaca le hallmhairí de.

Ón mbliain 1996 i leith, tá méadú 122 mhilliún tagtha ar allmhairí bainne úir lena ól ina leacht agus d'fhreastail sé sin ar an méadú iomlán 42 mhilliún lítear sa tomhailt rud a ghlac ionad 80 milliún lítear de sholáthairtí baile.

Maidir le sciar margaidh na soláthairtí baile i margadh an bhainne leachtaigh, tá laghdú tagtha air ó 100% sa bhliain 1996 go dtí 79% sa bhliain 2008, agus tá méadú ó nialas go 21% tagtha ar sciar margaidh na n-allmhairí.

Sa bhliain 2008, ba é a bhí i méid iomlán na n-allmhairí bainne ó Thuaisceart Éireann ag próiseálaithe agus ag paistéaraithe agus i bhfoirm bainne leachtaigh phacáistithe ná 523 mhilliún lítear agus b'ionann na hallmhairí sin agus 11% de na soláthairtí baile bainne.

I dtaca le honnmhairí bainne bhearrtha, bainne gan bhearradh agus uachtair ó phróiseálaithe sa Stát chuig Tuaisceart Éireann, ba é a bhí iontu ná 45 mhilliún lítear sa bhliain 2008, sin laghdú 12 mhilliún lítear nó laghdú 12% i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.

1.5 Tuaisceart Éireann – Soláthairtí Bainne/Praghsanna Bainne

B'ionann méid na soláthairtí baile bainne i dTuaisceart Éireann sa bhliain 2008 agus 1,902 mhilliún lítear, sin laghdú 16 mhilliún lítear nó laghdú 0.8% i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo, agus rinne 3,457 bhfeirmeoir déiríochta an méid sin a sholáthar. Sa bhliain 2008, bhí soláthairtí bainne Thuaisceart Éireann comhionann le 38% de na soláthairtí baile bainne.

TÁBLA 1.9 SOLÁTHAIRTÍ BAINNE SA STÁT & I dTUAISCEART ÉIREANN 2008

	POBLACHT NA hÉIREANN	TUAISCEART ÉIREANN
Soláthairtí Iomlána – m lítear	4,959	1,902
Meánmhéid Saille Ime mar %	3.82	3.98
Meánmhéid Próitéine mar %	3.34	3.26
Cóimheas míosúil ard/íseal	5.4	1.5
Soláthróirí – an líon	19,686	3,457
Meánlíon soláthairtí in aghaidh an tsoláthróra - lítir	252,000	550,000

Ba é a bhí i meánmhéid na soláthairtí bliantúla bainne in aghaidh an tsoláthróra i dTuaisceart Éireann sa bhliain 2008 ná 550,000 lítear, is é sin le rá, níos mó ná dhá oiread mheánmhéid na meánsoláthairtí bainne in aghaidh an tsoláthróra sa Stát arbh é a bhí ann ná 252,000 lítear. Sa bhliain 2007/08, ba é a bhí i meánmhéid na soláthairtí bainne ó tháirgeoirí cláraithe bainne sa Stát ná 388,000 lítear.

Tá difear suntasach ann i gcónaí idir pátrún bliantúil an tsoláthair bainne i dTuaisceart Éireann agus an pátrún atá ann sa Stát. Tá soláthairtí bainne ar fáil ar fud na bliana agus tá cóimheas míosúil ard/íseal 1.5/1 ann i gcás na bliana 2008 i gcomparáid le 5.4/1 sa Stát.

FÍOR 1.10 SOLÁTHAIRTÍ MÍOSÚLA BAINNE – AN STÁT & TÉ 2008



TÁBLA 1.11 SOLÁTHAIRTÍ BAINNE THUAISCEART ÉIREANN 1993 -2008

	SOLÁTHAIRTÍ BAINNE	
	m. lítear	**Innéacs**
1993	1,309	100
2002	1,764	135
2003	1,772	135
2004	1,776	136
2005	1,865	142
2006	1,902	145
2007	1,918	146
2008	1,902	145

Foinse: DARDNI

Ón mbliain 1993 i leith, tá méadú 593 mhilliún lítear nó méadú 45% tagtha ar sholáthairtí bliantúla bainne i dTuaisceart Éireann, ar méadú é a tharla mar gheall ar cheannach agus aistriú cuótaí breise bainne ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe.

Sa bhliain 2008, rinneadh 551 mhilliún lítear, nó 29% den soláthar bliantúil bainne, a onnmhairiú mar amh-bhainne i gcomparáid le 27% sa bhliain 2007. Rinneadh 84% den na honnmhairí amh-bhainne sin a onnmhairiú chuig an Stát.

Anuraidh, rinneadh 15% de na soláthairtí bliantúla bainne i dTuaisceart Éireann a úsáid lena bpróiseáil lena ól ina leacht i gcomparáid le 9% sa Stát de na soláthairtí baile sa Stát.

I dTuaisceart Éireann, déantar 30% de na soláthairtí bainne a thrádáil trí cheant agus meastar go ndéantar 30% eile de na soláthairtí bainne a thrádáil ar phraghsanna atá bunaithe ar phraghsanna ceant. Sa bhliain 2008, ba é a bhí sa mheánphraghas ceant bliantúil ná 22.73 p/l (29 c/l), sin laghdú 1.58 p/l i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.

Ar an meán, bhí an glan-mheánphraghas bliantúil a íocadh le táirgeoirí i dTuaisceart Éireann sa bhliain 2008, is é sin le rá soláthairtí bainne ar fud na bliana, ná 22.92 p/l (29 c/l), sin méadú 1.14 p/l i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.

Sa bhliain 2006, ba é a bhí sa mheánphraghas bliantúil bainne i dTuaisceart Éireann do tháirgeoirí ná 29 c/l, ar suim í a bhí rud beag níos ísle ná an meánphraghas measta bliantúil bainne sa Stát i gcás soláthairtí bainne monarúcháin, is é sin le rá, 32.24 c/l.

2. AN MARGADH BAINNE LEACHTAIGH

Tá an margadh bainne úir ar an margadh tomhaltóra is mó dá bhfuil ann sa Stát le haghaidh bainne agus táirgí bainne agus meastar gurbh fhiú €466m é sa bhliain 2008.

Ba é a bhí i dtomhaltas náisiúnta bainne úir leachtaigh anuraidh ná 578 milliún lítear (127 milliún galún), sin méadú 1 mhilliún lítear nó méadú 0.2% i gcomparáid le tomhaltas sa bhliain 2007. Maidir le tomhaltas 0.4 lítear per capita sa lá sa Stát, bhí sé sa tríú háit is airde san AE.

Sa bhliain 2008, tháinig méadú 22% ar mheánphraghas bliantúil miondíola bainne i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo. Is ionann bainne úr agus táirge a bhfaightear margadh maith ina leith agus aithníonn tomhaltóirí an méid sin. Tá laghdú tagtha ar phraghas an bhainne i dtéarmaí réadacha agus i gcomparáid le táirgí bia eile. Ón mbliain 1995 i leith, tháinig méadú 53% ar an treoir-phraghas tomhaltóirí, tháinig méadú 50% ar an treoir-phraghas bia agus tháinig méadú 44% ar an meánphraghas bliantúil miondíola le haghaidh bainne leachtaigh i bpacaí 1 lítear. I dtéarmaí réadacha, sa bhliain 2008, bhí praghas an bhainne 6% níos lú ná mar a bhí sé sa bhliain 1995.

TÁBLA 2.0 AN TREOIRPHRAGHAS DO THOMHALTÓIRÍ/AN TREOIRPHRAGHAS DO BHIA/AN TREOIRPHRAGHAS MIONDÍOLA BAINNE

	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	1999	1998	1997	1996	1995
An Treoirphraghas do Thomhaltóirí	153	147	140	135	132	129	124	119	113	107	106	103	102	100
An Treoirphraghas do Bhia	150	142	134	132	133	133	129	123	116	112	108	104	102	100
An Treoir-Phraghas Miondíola Bainne	144	118	110	110	110	112	110	108	105	104	104	104	104	100

Foinse: CSO/NMA

Maidir le sciar na dtáirgeoirí de phraghas bliantúil miondíola an bhainne, tháinig laghdú air ó 39% sa bhliain agus ó 42% sa bhliain 1995 go dtí 34% sa bhliain 2008.

TÁBLA 2.1 PRAGHSANNA MÍONDÍOLA BAINNE – PACA 1 LÍTEAR/SCIAR NA dTÁIRGEOIRÍ DEN PHRAGHAS MIONDÍOLA BAINNE

	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	1999	1998	1997	1996	1995
	c/l	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**
Praghas Bliantúil Miondíola*	111	91	85	85	85	86	85	83	81	80	80	80	80	77
Praghas Táirgeoirí % Míondíol	34%	39%	36%	37%	38%	38%	38%	40%	40%	40%	40%	41%	41%	42%

Foinse: CSO/NMA

* Gan seachadadh go leac an dorais a áireamh.

Anuraidh, tháinig laghdú 2.8% ar dhíolacháin bainne gan bhearradh, arbh ionann a méid agus 69% de na díolacháin bainne úir, agus, i gcás díolachán bainne beagmhéathrais agus bainne bhearrtha, tháinig méadú orthu go dtí 31% de na díolacháin, sin méadú 6%.

FÍOR 2.2 PRÓIFÍL TÁIRGÍ NA nDÍOLACHÁN BAINNE ÚIR 2001 - 2008



Foinse: CSO

An Margadh Miondíola

Leanadh den phróiseas comhdhlúite miondíola sa bhliain 2008 agus tá ceannas ag na trí ilghrúpa is mó ar sciar 70% de mhargadh grósaeireachta na hÉireann anois.

TÁBLA 2.3 SCIARTHA SA MHARGADH GRÓSAEIREACHTA

	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002
	%	%	%	%	%	%	%
Tesco	26	26	26	26	25	23	24
Dunnes	24	24	22	22	22	21	22
SuperValu	20	20	20	20	19	19	19
Superquinn	8	8	8	8	9	8	9
Lidl/Aldi	10	7	6	6	5	6	1
Centra	2	2	3	2	3	3	3
Spar	2	2	2	2	3	3	2
Gach ceann eile	8	11	13	14	14	17	20
IOMLÁN	100	100	100	100	100	100	100

Foinse: RGDATA

Lean tábhacht na miondíoltóirí, go háirithe na hilchuideachtaí is mó, de bheith ag méadú mar bhealaí dáilte do mhiondíoltóirí bainne leachtaigh agus tá miondíoltóirí ag dáileadh 79% den bhainne leachtach anois; tá seachadadh go leac an dorais tar éis méadú beagnach a bhaint amach go dtí 7% sa bhliain 2008 agus is ionann lónadóireacht agus 7%.

FÍOR 2.4 SCIARTHA MARGAIDH 1999-2008



Foinse: Meastachán de chuid an tionscail

I dtaca le margadh bainne úir na hÉireann, meastar go bhfuil 50% de na díolacháin bhainne in ilchuideachtaí miondíola á dhíol anois mar bhainne féinlipéid. De réir foinsí tionscail, meastar go bhfuil 60% den bhainne a mhiondíoltar á dhíol i bpacaí 2 lítear. Bhí bainne féinlipéid i bpacaí 2 lítear á mhiondíol i mí na Nollag 2008 ar lascaine 23% i gcomparáid le bainne bhrandáilte próiseálaithe.

Is iad na miondíoltóirí lascaine, ar tháinig méadú ar a sciar den margadh grósaeireachta go dtí 10% ó 7%, na príomh-asraisí i gcomhair allmhairí bainne úir phacáistithe.

3. CONARTHAÍ/PRAGHSANNA CLÁRAITHE

3.0 CINEÁLACHA CONARTHA

TÁBLA 3.0 CINEÁLACHA CONARTHA

BLIANTA BHAINNE	AN IOMLÁN	AR FUD NA BLIANA	GEIMHREADH
1995/96	3,344	3,206	138
1996/97	3,284	3,151	133
1997/98	2,908	2,783	125
1998/99	2,833	2,709	124
1999/00	2,762	2,642	120
2000/01	2,837	2,725	112
2001/02	2,720	2,620	100
2002/03	2,736	2,583	153
2003/04	2,656	2,510	146
2004/05	2,336	2,199	137
2005/06	2,282	2,104	178
2006/07	2,079	1,908	171
2007/08	2,008	1,861	147

Clár na gConarthaí ar an 31 Nollaig gach bliain. Déantar Clár na gConarthaí a choimeád mar chlár oscailte. Is féidir le Próiseálaithe agus le Táirgeoirí conarthaí a chlárú i leith blianta bainne ar leithligh. Leantar de chonarthaí a chlárú ar fud na bliana. Chun Clár na dTáirgeoirí a fháil, féach Aguisín 2.

- Tháinig laghdú ar líon na gconarthaí cláraithe soláthair bainne go dtí 2,008, sin glanlaghdú 71 chonradh nó laghdú 0.4% i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.
- Níor athnuadh 214 chonradh agus rinneadh 143 chonradh nua le 5 phróiseálaí.
- Ba iad na conarthaí 'ar fud na bliana' (AYR) an príomhchineál conartha i gcónaí agus is ionann a líon agus 93% de na conarthaí agus 98% de na soláthairtí bainne.
- B'ionann an líon conarthaí geimhridh agus 7% de na conarthaí go léir agus 2% de na soláthairtí bainne.
- Tháinig laghdú 47, nó laghdú 2%, go dtí 1,861, ar líon na gconarthaí 'ar fud na bliana' (AYR) agus tháinig laghdú 24, go dtí 147 gconradh, ar líon na gconarthaí Geimhridh.

3.1 CÓRAIS PHRAGHSÁLA DO CHONARTHAÍ

- Déanann próiseálaithe dhá chóras praghsála bainne a úsáid le linn bainne a cheannach ó tháirgeoirí lena phróiseáil lena ól ina leacht, is é sin le rá, an Córas Cothromphraghais agus Córas Phraghas an Bhainne Monarúcháin móide Bónas (an Córas MMP).
- Faoin gCóras Cothromphraghais, íoctar as bainne ag praghas cothrom in aghaidh an lítir, gan aon difreáil phraghais le haghaidh comhábhar bainne.
- Faoin gCóras MMP, déantar praghas ar bhainne atá bainteach le praghsanna míosúla bainne monarúcháin, mar aon le difreálaigh le haghaidh comhábhar bainne de ghnáth, a íoc móide íocaíochtaí bónais geimhridh, idir íocaíochtaí athraitheacha agus íocaíochtaí seasta.

TÁBLA 3.1 AICMIÚ CONARTHAÍ CLÁRAITHE DE RÉIR CINEÁIL/SOLÁTHAIRTÍ

	CONARTHAÍ				SOLÁTHAIRTÍ			
	2007/08		**2006/07**		**2007/08**		**2006/07**	
	an líon	**%**	**an líon**	**%**	**m. lítear**	**%**	**m. lítear**	**%**
Ar Fud na Bliana	1,861	93	1,908	92	446.3	98	423.1	98
Geimhreadh	147	7	171	8	8.5	2	9.2	2
IOMLÁN	2,008	100	2,079	100	454.8	100	432.3	100

TÁBLA 3.2 CONARTHAÍ 'AR FUD NA BLIANA' DE RÉIR CINEÁIL AGUS CÓRAS PRAGHSÁLA

CÓRAIS PHRAGHSÁLA	CONARTHAÍ				SOLÁTHAIRTÍ BAINNE			
CÓRAS COTHROMPHRAGHAIS	**2007/08**		**2006/07**		**2007/08**		**2006/07**	
	an líon	**%**	**an líon**	**%**	**m. lítear**	**%**	**m. lítear**	**%**
Príomha	1,112	60	1,160	61	250.8	56	235.5	56
Neamh-Phríomha	274	15	288	15	55.6	12	50.8	12
IOMLÁN AN CHÓRAIS COTHROMPHRAGHAIS	**1,386**	**75**	**1,448**	**76**	**306.4**	**69**	**286.2**	**68**
CÓRAS MMP	**475**	**25**	**460**	**24**	**139.9**	**31**	**136.8**	**32**
IOMLÁN	1,861	100	1,908	100	446.3	100	423.0	100

FÍOR 3.3 CÓRAIS PHRAGHSÁLA/CONARTHAÍ 2007/08



FÍOR 3.4 CÓRAIS PHRAGHSÁLA/SOLÁTHAIRTÍ BAINNE 2007/08



- I dtaca le conarthaí AYR, ba é an Córas Cothromphraghais a cuireadh i bhfeidhm maidir le 75% de na conarthaí agus maidir le 69% de na soláthairtí bainne agus cuireadh an Córas MMP i bhfeidhm maidir le 25% de na conarthaí agus maidir le 31% de na soláthairtí bainne.
- Faoi na conarthaí AYR, ba é an 1,112 Chonradh Phríomha, inar oibríodh Córas Cothromphraghais maille le seacht mí phréimhe geimhridh, an príomhchineál conartha agus b'ionann a líon agus 60% de chonarthaí AYR agus 56% den bhainne a ceannaíodh.
- Ba é a bhí i líon na gconarthaí neamh-AYR inar oibríodh Córas Cothromphraghais maille le míonna préimhe athraitheacha ná 274 agus b'ionann an líon sin agus 15% de na conarthaí AYR agus 12% den bhainne a ceannaíodh.
- Tá méideanna méadaitheacha bainne á gceannach faoin gCóras MMP. Sa bhliain 2007/08, cuireadh an Córas MMP i bhfeidhm i gcás 25% de na conarthaí AYR agus i gcás 31% de na soláthairtí bainne i gcomparáid le 14% de na conarthaí AYR agus 17% de na soláthairtí bainne sa bhliain 1999/00.

FÍOR 3.5 CONARTHAÍ AYR – CÓRAIS PHRAGHSÁLA/ SOLÁTHAIRTÍ 1999/00 - 2007/08



TÁBLA 3.6 CONARTHAÍ 'AR FUD NA BLIANA – MEÁNPHRAGHSANNA BLIANTÚLA A ÍOCADH

BLIAIN	2007/08	2006/07
CÓRAS COTHROMPHRAGHAIS	**1,386 chonradh 306.4 m. lítear**	**1,448 gconradh 286.2 m. lítear**
	c/lítear	**c/lítear**
Míonna geimhridh, Meán Fómhair - Márta (7)	43.65	34.57
Míonna samhraidh, Aibreán - Lúnasa (5)	33.40	28.81
Meán Bliantúil	**39.38**	**32.25**
CÓRAS MMP	**475 chonradh 139.9 m. lítear**	**460 conradh 136.8 m. lítear**
Míonna geimhridh, Meán Fómhair - Márta (7)	42.03	32.77
Míonna samhraidh, Aibreán - Lúnasa (5)	31.68	30.75
Meán Bliantúil	**37.60**	**31.85**
AN DÁ CHÓRAS LE CHÉILE	**1,861 chonradh 446.3 m. lítear**	**1,908 gconradh 423.0 m. lítear**
Míonna geimhridh, Meán Fómhair - Márta (7)	43.16	34.03
Míonna samhraidh, Aibreán - Lúnasa (5)	32.85	29.49
Meán Bliantúil	**38.84**	**32.11**

Baineann praghsanna le conarthaí AYR ina gcuirtear an Córas Cothromphraghais agus an Córas MMP i bhfeidhm agus is praghsanna ex feirm insroichte iad, gan CBL a áireamh agus gach bónas caighdeáin agus gach bónas eile a áireamh agus roimh phionóis, tobhaigh reachtúla agus muirir bailithe a asbhaint. Déantar praghsanna a ualú de réir méideanna míosúla a cheannaítear. I gcás conarthaí ina gcuirtear an Córas MMP i bhfeidhm, tá praghsanna bunaithe ar phraghsanna monarúcháin, idir phraghsanna seasta agus phraghsanna athraitheacha, agus bónais gheimhridh curtha leo. Tá caighdeánú déanta ar na tréimhsí íocaíochta go dtí tréimhse phréimhe seacht mí gheimhridh agus go tréimhse cúig mhí shamhraidh.

- Ba é a bhí sa mheánphraghas a íocadh faoi chonarthaí AYR Córais Cothromphraghais sa bhliain 2007/08 ná 39.38 c/l (179 c/g), sin méadú 7.13 c/l (32 c/g) nó méadú 22% i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.
- Ba é a bhí sa mheánphraghas a íocadh faoi chonarthaí AYR Córais MMP sa bhliain 2007/08 ná 37.60 c/l (171 c/g), sin méadú 5.75 c/l (26 c/g) nó méadú 18% i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.
- Ba é a bhí sa mheánphraghas bliantúil a íocadh faoi na conarthaí AYR go léir sa bhliain 2007/08 ná 38.84 c/l (177 c/g), sin méadú 6.73 c/l (31 c/g), nó méadú 21%, i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.
- Ba é a bhí sa phraghas a íocadh i rith na seacht mí gheimhridh ná 43.16 c/l (196 c/g), sin méadú 9.13 c/l (42 c/g) nó méadú 21% i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo. Ba é a bhí sa phraghas a íocadh i rith na gcúig mhí shamhraidh ná 32.85 c/l (149 c/g), sin méadú 3.36 c/l (15 c/g) nó méadú 11% i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.
- Sa bhliain 2007/08, tháinig leathnú ar an difreáil idir meánphraghsanna bliantúla faoi na Córais Cothromphraghais agus MMP agus, ar an meán, fuarthas 1.78 c/l níos mó ó Chórais Chothromphraghais ná mar a fuarthas ó Chórais MMP i gcomparáid le difreáil 0.40 c/l sa bhliain 2006/07.
- Cheannaigh ocht bpróiseálaí soláthairtí trí úsáid a bhaint as Córais Chothromphraghais ina gcuid conarthaí.
- Cheannaigh seacht bpróiseálaí soláthairtí trí úsáid a bhaint as Córais MMP ina gcuid conarthaí.

3.2 PRAGHSANNA A ÍOCADH – NA PRÍOMHCHONARTHAÍ AYR

- Leagtar amach anseo thíos tábla ina dtaispeántar na meánphraghsanna bliantúla bainne a íocadh faoi na gconradh AYR is mó toirt, is é sin le rá, 91% de na conarthaí AYR agus 91% de na soláthairtí bainne AYR.

FÍOR 3.7 CONARTHAÍ AYR – MEÁNPHRAGHSANNA BLIANTÚLA COTHROMA AGUS MMP



Féach Aguisín 3.

TÁBLA 3.8 CONARTHAÍ 'AR FUD NA BLIANA' – NA PRAGHSANNA A ÍOCADH – NA 10 gCONRADH IS MÓ TOIRT

CONARTHAÍ CÓRAIS COTHROMPHRAGHAIS	MEÁNPHRAGHSANNA BLIANTÚLA		PRAGHSANNA GEIMHRIDH		PRAGHSANNA SAMHRAIDH		ATHRÚ AR MHEÁNPHRAGHSANNA BLIANTÚLA
CONARTHAÍ CÓRAIS COTHROM-PHRAGHAIS							
AN CINEÁL PRÍOMHA	**2007/08**	**2006/07**	**2007/08**	**2006/07**	**2007/08**	**2006/07**	**Méaduithe**
	c/l	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**
B	38.73	32.35	42.22	34.04	34.35	30.14	6.38
D	39.97	32.32	44.43	34.26	33.51	28.11	7.65
F	39.96	32.06	44.26	34.63	33.88	28.20	7.90
AN CINEÁL NEAMH-PHRÍOMHA							
D	38.56	35.15	41.84	37.20	31.18	30.72	3.41
J	37.00	33.13	41.96	34.73	30.22	30.70	3.87
CONARTHAÍ CÓRAIS MMP							
	MEÁNMHÉID BLIANTÚIL MÓIDE BÓNAS		MEÁNMHÉID BLIANTÚIL – BÓNAS MÍOSÚIL		BUNPHRAGHSANNA		ATHRUITHE BLIANTÚLA
	2007/08	**2006/07**	**2007/08**	**2006/07**	**2007/08**	**2006/07**	**Méaduithe**
	c/l	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**	**c/l**
A1	37.37	30.76	2.98	2.46	34.39	28.30	6.61
B1	36.60	32.98	4.13	4.24	32.47	28.74	3.62
B2	39.28	32.64	4.93	4.87	34.35	27.77	6.64
C2	41.20	32.58	3.10	4.57	38.10	28.01	8.62
C3	37.24	31.61	3.67	2.65	33.57	28.96	5.63

Baineann na cóid tagartha conartha le Táblaí 5.6, 5.7 agus 5.8 i dTuarascáil Bhliantúil 2005.

3.3 PRAGHSANNA A ÍOCADH – CONARTHAÍ GEIMHRIDH

TÁBLA 3.9 CONARTHAÍ GEIMHRIDH – PRAGHSANNA/SOLÁTHAIRTÍ

	CONARTHAÍ		SOLÁTHAIRTÍ BAINNE		2007/08	2006/07
Córas Praghsála	**líonta**	**%**	**líonta**	**%**	**Meánphraghas – Míonna Geimhridh**	**Meánphraghas – Míonna Geimhridh**
					c/lítear	**c/lítear**
Córas MMP	111	76	7.4	87	48.73	36.35
Córas Cothromphraghais	36	24	1.1	13	44.63	34.83
AN MEÁN	147	100	8.5	100	48.20	36.02

Déanann tairgeoir gealltanas, faoi na conarthaí Geimhridh, chun bainne a sholáthar lena phróiseáil lena ól ina leacht i rith cuid de na míonna forordaithe geimhridh (Deireadh Fómhair go Feabhra) nó i rith na míonna sin go léir. Bhain an 147 gconradh geimhridh le 8.5 m/l (laghdú 0.7 milliún lítear i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo) agus b'ionann a líon agus 7% de na conarthaí go léir agus 2% de na soláthairtí bainne.

3.4 PRAGHSANNA A ÍOCADH – GACH CONRADH – BLIANTA BAILLE

Ba é a bhí sa mheánphraghas a íocadh faoi gach conradh, idir chonarthaí AYR agus chonarthaí Mhíonna Geimhridh amháin, ná 39 c/l (177 c/g), sin méadú 6.8 c/l (31 c/g), nó méadú 21%, i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.

TÁBLA 3.10 PRAGHSANNA A ÍOCADH FAOI GACH CONRADH AGUS FAOI GACH CÓRAS PRAGHSÁLA

TRÉIMHSE	2007/08	2006/07
	2,008 gConradh 454.8 m lítear	**2,079 gConradh 432.3 m lítear**
	c/lítear	**c/lítear**
Míonna Geimhridh, M. Fómhair - Márta (7)	43.16	34.09
Míonna Samhraidh, Aibreán – Lúnasa (5)	32.85	29.49
An meán	**39.00**	**32.20**
c/g	**177**	**146**

Baineann praghsanna le conarthaí AYR agus conarthaí Geimhridh araon ina gcuirtear an Córas Cothromphraghais agus an Córas MMP i bhfeidhm agus is praghsanna ex feirm insroichte iad, gan CBL a áireamh, agus gach bónas caighdeáin agus gach bónas eile a áireamh agus roimh phionóis, tobhaigh reachtúla agus muirir bhailithe a asbhaint. Déantar praghsanna a ualú de réir méideanna míosúla a cheannaítear. Tá caighdeánú déanta ar na tréimhsí íocaíochta, i gcás na gconarthaí go léir, go dtí tréimhse phréimhe seacht mí gheimhridh agus go tréimhse cúig mhí shamhraidh.

3.5 PRAGHSANNA BAINNE 2008

PRAGHSANNA BLIANTÚLA BAINNE LEACHTAIGH AGUS PRAGHSANNA MONARÚCHÁIN

- Sa bhliain féilire 2008, ina n-áirítear na chéad trí mhí de bhliain bhainne 2008/09, bhí an meánphraghas bliantúil 37.58 c/lítear a íocadh faoi gach conradh cláraithe níos ísle ná an meánphraghas bliantúil 39 c/lítear a íocadh i rith bhliain bhainne 2007/08 mar gheall ar an laghdú ar phraghsanna míosúla táirgeora sa chéad ráithe de bhliain bhainne 2008/09.
- Sa bhliain 2008, ba é a bhí sa mheánphraghas bliantúil a íocadh faoi gach conradh ná 37.58 c/l (171 c/g), sin méadú 2.30 c/l (11 c/g) i gcomparáid le praghas 35.28 c/l (160 c/g) sa bhliain 2007.
- Sa bhliain 2008, ba é a bhí sa mheánphraghas bliantúil measta le haghaidh soláthairtí bainne monarúcháin, gan CBL a áireamh agus tar éis muirir bailithe, ná 32.24 c/l ar laghdú 0.30 c/l nó 1% é i gcomparáid leis an meánphraghas bliantúil 32.54 c/l (athbhreithnithe) sa bhliain 2007.
- Maidir leis an difreálach 37.58 c/l idir an meánphraghas bliantúil táirgeora ar sholáthairtí bainne lena ól ina leacht agus an meánphraghas bliantúil táirgeora 32.24 c/l ar sholáthairtí bainne monarúcháin, ba é a bhí ann sa bhliain 2008 ná 5.34 c/l (24 c/g), sin méadú 2.6 c/l nó méadú 95% i gcomparáid na difreála 2.74 c/l (athbhreithnithe) sa bhliain 2007.
- Tá sceideal leagtha amach in Aguisín 3 (Tábla B) ina dtaispeántar meánphraghsanna bliantúla bainne ar sholáthairtí lena ól ina leacht agus ar sholáthairtí i gcomhair monarúcháin ón mbliain 1995 i leith.

FÍOR 3.11 MEÁNPHRAGHSANNA BAINNE TÁIRGEORA – BAINNE LEACHTACH/BAINNE MONARÚCHÁN 1995-2008



4. PRÓISEÁLAITHE

TÁBLA 4.0 STRUCHTÚR TÁIRGEOIRÍ GNÍOMHACHA CLÁRAITHE DE RÉIR BANDAÍ SOLÁTHAIR PRÓISEÁLAITHE 2007/08

BANDAÍ SOLÁTHAIRTÍ BAINNE	AN LÍON PRÓISEÁLAITHE	TÁIRGEOIRÍ GNÍOMHACHA CLÁRAITHE*		SOLÁTHAIRTÍ BLIANTÚLA	
m. lítear		**an líon**	**%**	**m. lítear**	**%**
0 – 20	10	348	17	63	13
20 – 60	2	205	10	54	12
Os cionn 60	2	1,498	73	348	75
IOMLÁN	14	2,051	100	465	100

Amhail ar an 31 Nollaig 2008.

* Áirítear soláthairtí ó gach táirgeoir cláraithe a sholáthair bainne lena theaschóireáil le haghaidh tomhailt leachtach.

- Tá struchtúr an tionscail an-dlúth. Maidir leis an dá phróiseálaí ag a bhfuil soláthairtí bliantúla bainne os cionn 60 milliún lítear, tá 73% de na táirgeoirí gníomhacha go léir bainteach leo mar aon le 75% de na soláthairtí baile bainne le haghaidh tomhailt leachtach.
- Ba é a bhí i líon na mbunachas teaschóireála arna gceadúnú chun bainne a phróiseáil lena ól ina leacht sa Stát ná 19, agus bhí 17 gcinn de na gléasraí sin á n-oibriú ag na 14 phróiseálaí a bhí cláraithe leis an nGníomhaireacht.
- Tá dhá phróiseálaí ann a oibríonn gléasraí sa Stát chun bainne a phróiseáil lena ól ina leacht (lena n-áirítear bainne UHT) agus ar próiseálaithe iad nach bhfuil cláraithe leis an nGníomhaireacht. Rinne na próiseálaithe sin a gcuid soláthairtí bainne go léir a allmhairiú lena bpróiseáil lena ól ina leacht.
- Ba é a bhí sa mheánmhéid bliantúil soláthairtí bainne a próiseáladh in aghaidh an ghléasra arna oibriú ag próiseálaithe cláraithe ná 27 milliún lítear.

AGUISÍN 1 CRUINNITHE DE CHUID NA GNÍOMHAIREACHTA

COMHALTAÍ	AN LÍON CRUINNITHE AR FREASTALAÍODH ORTHU I 2008
Denis Murphy – Cathaoirleach	7
Eamonn Bray	7
Jerome Crowley*	1
Cormac Guinan**	1
Donal Kelleher	2
Pádraig Mulligan	7
Donal Murphy	5
George Kearns	7
John O'Callaghan	5
Tony O'Driscoll	6
Frank Tobin	4
Walter Maloney	7
John Foster	7
Richard Donohue	5
Michael Kilcoyne	7

*Ceapadh ar an 9 Nollaig 2008
**D'éirigh as oifig ar an 27 Bealtaine 2008

Bhí seacht gcruinniú ag an nGníomhaireacht i rith na bliana agus 82% a bhí sa chóimheas freastail.

Bhí dhá chruinniú ag an gCathaoirleach agus ag an bPríomhfheidhmeannach le hoifigigh de chuid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus thug siad eolas cothrom le dáta faoi rialáil an tsoláthair bainne lena phróiseáil lena ól ina leacht agus faoi fhorbairtí san earnáil bhainne leachtaigh.

Bíonn an Ghníomhaireacht i dteagmháil go rialta, trína fheidhmeannacht, le hionadaithe ó Theagasc, ón gComhairle Náisiúnta Déiríochta, ó Chumann Náisiúnta na nUachtarlann, ó Chumann Feirmeoirí na hÉireann, ó Chumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann agus ó ghrúpaí agus eagraíochtaí eile.

Lorg an Ghníomhaireacht comhairle ó shaineacnamaithe i rith na bliana maidir le gnéithe éagsúla den earnáil bhainne leachtaigh.

D'ainmnigh an Ghníomhaireacht an tUas. Eamonn Bray chun feidhmiú mar ionadaí di ar Bhord na Comhairle Náisiúnta Déiríochta.

Rinne an Coiste Iniúchta, ar a bhfuil ceathrar comhalta, Eamonn Bray (Cathaoirleach), George Kearns, Richard Donohue agus Denis Murphy, ceithre chruinniú a sheoladh i rith na bliana.

AGUISÍN 2 CLÁR NA dTÁIRGEOIRÍ/SOLÁTHAIRTÍ BAINNE

A. CLÁR NA dTÁIRGEOIRÍ

BLIANTA BAINNE	TÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE	TÁIRGEOIRÍ DÍCHLÁRAITHE	TÁIRGEOIRÍ NUA
1995/96	3,360	2	2,472
1996/97	3,344	57	41
1997/98	3,300	142	98
1998/99	3,181	129	10
1999/00	3,209	66	94
2000/01	3,359	25	175
2001/02	3,093	282	16
2002/03	3,133	58	98
2003/04	2,716	486	69
2004/05	2,575	194	53
2005/06	2,492	141	58
2006/07	2,520	12	40
2007/08	2,371	161	12

Clár na dTáirgeoirí ar an 31 Nollaig gach bliain. Fanann táirgeoirí ar an gClár go dtí go bhfaigheann an Ghníomhaireacht fógra go bhfuil táirgeoirí tar éis scor go buan de bheith ag soláthar bainne lena phróiseáil lena ól ina leacht. I gcás roinnt táirgeoirí nach bhfuil conarthaí cláraithe acu, fanann siad ar an gClár go dtí go bhfaightear na fógraí sin.

B. SOLÁTHAIRTÍ CLÁRAITHE BAINNE DE RÉIR CINEÁLACHA CONARTHA

BLIANTA BAINNE	IOMLÁN	AR FUD NA BLIANA	MÍONNA GEIMHRIDH AMHÁIN
	m. lítear	**m. lítear**	**m. lítear**
1995/96	497.3	488.4	8.9
1996/97	474.6	467.3	7.3
1997/98	434.6	427.3	7.3
1998/99	433.2	426.4	6.8
1999/00	436.9	428.7	8.2
2000/01	452.6	446.1	6.5
2001/02	458.7	451.6	7.1
2002/03	468.1	458.0	10.1
2003/04	465.5	457.4	8.1
2004/05	425.7	416.3	9.4
2005/06	438.7	427.4	11.3
2006/07	432.3	423.1	9.2
2007/08	454.8	446.3	8.5

C. CONARTHAÍ 'AR FUD NA BLIANA' AGUS CÓRAIS PHRAGHSÁLA

BLIANTA BAINNE	CONARTHAÍ	CÓRAIS PHRAGHSÁLA		% COTHROM-PHRAGHAS MAR %	MMP MAR %
		COTHROM-PHRAGHAS	MMP		
1995/96	3,206	2,735	471	85	15
1996/97	3,151	2,696	455	86	14
1997/98	2,783	2,410	373	87	13
1998/99	2,708	2,291	418	85	15
1999/00	2,642	2,269	373	86	14
2000/01	2,725	2,375	350	87	13
2001/02	2,620	2,282	338	87	13
2002/03	2,583	2,239	344	87	13
2003/04	2,510	2,075	435	83	17
2004/05	2,199	1,686	513	77	23
2005/06	2,104	1,589	515	76	24
2006/07	1,908	1,448	460	76	24
2007/08	1,861	1,386	475	75	25

D. CONARTHAÍ 'AR FUD NA BLIANA'/ SOLÁTHAIRTÍ AGUS CÓRAIS PHRAGHSÁLA

BLIANTA BAINNE	SOLÁTHAIRTÍ	CÓRAIS PHRAGHSÁLA		% COTHROM-PHRAGHAS MAR %	MMP MAR %
		COTHROM-PHRAGHAS	MMP		
	m. lítear	**m. lítear**	**m. lítear**		
1995/96	488.4	443.6	44.8	91	9
1996/97	467.3	395.5	72.7	85	15
1997/98	427.3	364.6	62.3	85	15
1998/99	426.4	350.0	76.4	82	18
1999/00	428.7	353.7	75.0	83	17
2000/01	446.1	383.6	62.5	86	14
2001/02	451.6	389.5	62.1	86	14
2002/03	458.0	396.4	61.6	87	13
2003/04	457.4	384.3	73.1	84	16
2004/05	416.3	300.0	116.3	72	28
2005/06	427.4	301.0	126.4	70	30
2006/07	423.1	286.2	136.8	68	32
2007/08	466.3	306.4	139.9	69	31

AGUISÍN 3 DIFREÁLAIGH BHLIANTÚLA PHRAGHAIS

TÁBLA A. CONARTHAÍ 'AR FUD NA BLIANA' – 1995/96 GO 2007/08 – DIFREÁLAIGH BHLIANTÚLA PHRAGHAIS IDIR AN CÓRAS COTHROMPHRAGHAIS AGUS AN CÓRAS MMP

	CONARTHAÍ 'AR FUD NA BLIANA'				DIFREÁLACH PRAGHAIS	
BLIAIN	COTHROMPHRAGHSANNA, AR AN MEÁN		MEÁNPHRAGHSANNA MMP		COTHROMPHRAGHAS V PRAGHAS MMP	
	c/l	c/g	c/l	c/g	c/l	c/g
1995/96	33.77	153	32.30	147	1.47	7
1996/97	33.46	152	32.28	147	1.18	5
1997/98	32.65	148	31.67	144	0.98	4
1998/99	32.65	148	30.64	139	2.01	9
1999/00	32.43	147	30.73	140	1.70	8
2000/01	33.01	150	32.36	147	0.65	3
2001/02	33.11	150	31.42	143	1.69	8
2002/03	32.56	148	31.13	141	1.43	6
2003/04	32.38	147	31.32	142	1.06	5
2004/05	31.74	144	30.11	137	1.63	7
2005/06	31.12	141	29.12	132	2.00	9
2006/07	32.25	147	31.85	145	0.40	2
2007/08	39.38	179	37.60	171	1.78	8

TÁBLA B. MEÁNPHRAGHSANNA BLIANTÚLA BAINNE TÁIRGEORA – 1995-2008 – DIFREÁLAIGH PHRAGHAIS BAINNE LEACHTAIGH/MONARÚCHÁIN

BLIAIN FHÉILIRE	PRAGHSANNA – BAINNE LEACHTACH		PRAGHSANNA – BAINNE MONARÚCHÁIN*		DIFREÁLACH PRAGHAIS	
	c/l	c/g	c/l	c/g	c/l	c/g
1995	32.84	149	29.32	133	3.52	16
1996	34.07	155	29.26	133	4.81	22
1997	32.85	149	26.85	122	6.00	27
1998	32.31	147	28.37	129	3.94	18
1999	32.20	146	27.51	125	4.69	21
2000	32.09	146	28.21	128	3.88	18
2001	33.26	151	29.31	133	3.95	18
2002	32.70	149	27.06	123	5.64	26
2003	32.26	147	26.79	122	5.47	25
2004	32.26	147	26.84	122	5.42	25
2005	31.00	141	26.29	119	4.71	21
2006	30.51	139	25.36	115	5.15	23
2007	35.28	160	32.54**	148**	2.74**	12**
2008	37.58	171	32.24	147	5.34	24

* Praghsanna gan CBL san áireamh, roimh thobhaigh agus tar éis muirear bailithe

** Athbhreithnithe

AGUISÍN 4 STRUCHTÚR SOLÁTHAIRTÍ BAINNE TÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE

TÁBLA A – STRUCHTÚR SOLÁTHAIRTÍ BAINNE TÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE 2007/8 AGUS 2006/8

BANDAÍ SOLÁTHAIR BHLIANTÚIL	TÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE GNÍOMHACHA*		SOLÁTHAIRTÍ IOMLÁNA		SOLÁTHAIRTÍ LENA ÓL INA LEACHT		SOLÁTHAIRTÍ LE HAGHAIDH MONARÚCHÁIN		MEÁNSOLÁTHAIRTÍ LENA ÓL INA LEACHT		*% DE THÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE GNÍOMHACHA*		*% DE SHOLÁTHAIRTÍ IOMLÁNA*		*% DE SHOLÁTHAIRTÍ LEACHTACHA*		*SOLÁTHAIRTÍ LEACHTACHA MAR % DE SHOLÁTHAIRTÍ IOMLÁNA*	
lítir	**an líon**		**m. lítear**		**m. lítear**		**m. lítear**		**'000 lítear**									
	07/08	**06/07**	**07/08**	**06/07**	**07/08**	**06/07**	**07/08**	**06/07**	**07/08**	**06/07**	*07/08*	*06/07*	*07/08*	*06/07*	*07/08*	*06/07*	*07/08*	*06/07*
<49,999	105	161	2.1	3.3	1.3	2.2	0.8	1.1	12	14	*5*	*7*	*-*	*-*	*-*	*-*	*62*	*67*
50,000-99,999	134	144	10.3	10.9	7.3	6.7	3.1	4.2	54	47	*7*	*7*	*1*	*1*	*2*	*2*	*70*	*62*
100,000-149,999	125	136	15.8	17.0	9.3	9.4	6.5	7.6	75	69	*6*	*6*	*2*	*2*	*2*	*2*	*59*	*55*
150,000-199,999	157	173	27.5	30.4	15.5	17.0	12.0	13.4	99	98	*8*	*8*	*4*	*4*	*3*	*4*	*56*	*56*
200,000-249,999	171	195	38.6	44.0	21.8	23.6	16.9	20.4	127	121	*8*	*9*	*5*	*6*	*5*	*6*	*56*	*54*
250,000-299,999	207	209	57.0	57.4	33.2	32.5	23.8	24.9	160	156	*10*	*10*	*7*	*7*	*7*	*7*	*58*	*57*
300,000-349,999	213	214	69.3	69.3	37.7	38.3	31.6	31.1	177	179	*10*	*10*	*9*	*9*	*8*	*8*	*54*	*55*
350,000-399,999	179	176	66.8	65.9	35.0	34.9	31.9	31.0	195	198	*9*	*8*	*8*	*8*	*8*	*8*	*52*	*53*
400,000-449,999	139	162	59.2	68.4	32.0	37.7	27.2	30.7	230	233	*7*	*7*	*7*	*9*	*7*	*9*	*54*	*55*
450,000-499,999	130	129	61.5	60.9	34.4	34.5	27.2	26.4	265	268	*6*	*6*	*8*	*8*	*7*	*7*	*56*	*57*
500,000-599,999	173	161	94.7	87.9	55.4	53.0	39.3	34.9	320	329	*8*	*7*	*12*	*11*	*12*	*11*	*59*	*60*
600,000-699,999	103	104	66.6	67.1	40.1	38.8	26.5	28.3	389	373	*5*	*5*	*8*	*8*	*9*	*8*	*60*	*58*
Os cionn 700,000	215	205	226.7	211.1	142.4	133.8	84.3	77.3	662	653	*11*	*9*	*29*	*27*	*31*	*29*	*63*	*63*
IOMLÁN	2,051	2,169	796.2	793.6	465.4	462.4	330.8	331.2	227	213	*100*	*100*	*100*	*100*	*100*	*100*	*58*	*58*

Foinse: NMA

Figiúirí arna gcoigeartú ar mhaithe le cothromú.

*Gach táirgeoir gníomhach cláraithe a sholáthraíonn bainne lena theaschóireáil lena ól ina leacht, lena n-áirítear táirgeoirí gan conarthaí cláraithe do na blianta 2007/2008 agus 2006/07.

AGUISÍN 4 STRUCHTÚR SOLÁTHAIRTÍ BAINNE TÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE

TÁBLA B – STRUCHTÚR SOLÁTHAIRTÍ BAILE BAINNE AGUS SOLÁTHAIRTÍ BAINNE LEACHTAIGH ARNA nAICMIÚ DE RÉIR BANDAÍ SOLÁTHAIR NA gCUÓTAÍ BLIANTÚLA 2007/08 AGUS 2006/07

	TÁIRGEOIRÍ										SOLÁTHAIRTÍ									
BANDAÍ SOLÁTHAIR BHLIANTÚIL	GACH TÁIRGEOIR GNÍOMHACH		TÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE GNÍOMHACHA*		GACH TÁIRGEOIR		TÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE GNÍOMHACHA*		TÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE GNÍOMHACHA* MAR % DE NA TÁIRGEOIRÍ GO LÉIR		SOLÁTHAIRTÍ BAILE		SOLÁTHAIRTÍ Ó THÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE		% DE SHOLÁTHAIRTÍ Ó GACH TÁIRGEOIR		% DE SHOLÁTHAIRTÍ Ó THÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE		% DE SHOLÁTHAIRTÍ BAILE Ó THÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE	
	07/08	06/07	07/08	06/07	07/08	06/07	07/08	06/07	07/08	06/07	07/08	06/07	07/08	06/07	07/08	06/07	07/08	06/07	07/08	06/07
Lítir	líon	líon	líon	líon	%	%	%	%	%	%	ml	ml	ml	ml	%	%	%	%	%	%
<50,000	813	911	105	161	4	5	5	7	13	18	35	26	2.1	3.2	1	1	0.3	0.4	6	12
50,000-100,000	1,831	2,022	134	144	9	10	7	7	7	7	138	155	10.3	10.9	3	3	1.3	1.4	7	7
100,001-200,000	5,385	5,698	282	309	28	28	14	14	5	5	823	864	43.3	47.4	16	17	5.4	6.0	5	5
200,001-250,000	2,960	3,119	171	195	15	16	8	9	6	6	672	693	38.6	44.0	13	14	4.9	5.5	6	6
250,001-300,000	2,487	2,306	207	209	13	11	10	10	8	9	691	627	57.0	57.4	13	12	7.2	7.2	8	9
300,001-350,000	1,784	2,113	213	214	9	10	10	10	12	10	583	674	69.3	69.3	11	13	8.7	8.7	12	10
350,001-400,000	1,448	1,391	179	176	7	7	9	8	12	13	542	515	66.8	65.9	10	10	8.4	8.3	12	13
400,001-450,000	876	798	139	162	4	4	7	7	16	20	371	336	59.2	68.4	7	7	7.4	8.6	16	20
Os cionn 450,000	2,102	1,839	621	599	11	9	30	28	30	33	1,351	1,169	449.4	427	26	23	56.4	53.8	33	37
IOMLÁN	19,686	20,197	2,051	2,169	100	100	100	100	10	11	5,206	5,059	796.2	793.6	100	100	100	100	15	16

Foinsí: An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia – blianta bainne an AE, 2006/07 agus 2007/08, dar chríoch an 31 Márta 2007 agus 2008 faoi seach.

NMA – Blianta bainne 2006/07 agus 2007/08 dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2007 agus 2008 faoi seach.

* Gach táirgeoir gníomhach cláraithe a sholáthraíonn bainne lena theaschóireáil lena ól ina leacht, lena n-áirítear táirgeoirí gan conarthaí cláraithe do na blianta 2007/08 agus 2006/07.

AGUISÍN 5

TUARASCÁLACHA AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2008

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA gCOMHALTAÍ

Le hAcht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994, ceanglaítear ar na comhaltaí ráitis airgeadais a ullmhú do gach tréimhse airgeadais, ar ráitis iad ina dtugtar léargas fíor cóir ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne agus ar bharrachas nó easnamh na Gníomhaireachta don tréimhse sin. Le linn na ráitis airgeadais sin a ullmhú, ceanglaítear ar na comhaltaí:

- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhréireach ina dhiaidh sin;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus críonna a dhéanamh; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura rud é nach oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Ghníomhaireacht i ngníomh.

De réir an Achta, tá na comhaltaí freagrach as leabhair chuí chuntais agus leabhair agus taifid eile a choimeád de réir mar is gá chun léargas fíor cóir a thabhairt ar ghnó agus ar ghnóthaí na Gníomhaireachta. Ina theannta sin, tá na comhaltaí freagrach as sócmhainní na Gníomhaireachta a choimirciú agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun cosaint leordhóthanach a sholáthar i dtaca leis sin.

TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA

DO CHOMHALTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA NÁISIÚNTA BAINNE

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2008 ar ráitis iad ina bhfuil an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus na nótaí gaolmhara 1 go 11. Rinneadh na ráitis airgeadais sin a ullmhú faoi na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu.

Tugtar an tuarascáil do chomhaltaí na Gníomhaireachta amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 18 (1) d'Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchóireachta ar shlí a d'fhágfadh go bhféadfaimis na nithe sin a gceanglaítear orainn iad a lua i dtuarascáil iniúchóra a lua le comhaltaí na Gníomhaireachta, agus ní chun aon chríche eile. Go feadh an méid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid le haon fhreagracht d'aon duine seachas an Ghníomhaireacht agus comhaltaí na Gníomhaireachta, mar chomhlacht, i leith ár gcuid oibre iniúchóireachta, i leith na tuarascála seo nó i leith na dtuairimí atá foirmithe againn.

Freagrachtaí na gcomhaltaí agus na n-iniúchóirí faoi seach

Tá na comhaltaí freagrach as an Tuarascáil a ullmhú, lena n-áirítear, mar atá leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí, ullmhú na ráiteas airgeadais de réir an dlí is infheidhme agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a nglactar leis i gcoitinne in Éirinn). Is é an fhreagracht atá orainne, mar iniúchóirí neamhspleácha, ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na gceanglas iomchuí, idir cheanglais dhlíthiúla agus ceanglais rialála, agus de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tugaimid ár dtuairim daoibh i dtaobh an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cothrom de réir Cleachtais Cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis i gcoitinne in Éirinn.

An bonn leis an tuairim iniúchóireachta

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna, agus leis na nithe a nochtar, sna ráitis airgeadais. Áirítear ann freisin measúnacht ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na comhaltaí le linn na ráitis airgeadais a ullmhú agus i dtaobh an oireann na polasaithe cuntasaíochta d'imthosca na Gníomhaireachta, an gcuirtear i bhfeidhm go comhréireach iad agus an ndéantar iad a nochtadh go leordhóthanach.

Rinneamar ár n-iniúchadh a phleanáil agus a chur i gcrích ar shlí ina bhfaighimis an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasamar a bheadh riachtanach chun fianaise leordhóthanach a thabhairt dúinn a d'fhágfadh go bhféadfaí a bheith réasúnta deimhin de go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhí-ráiteas ábhartha cibé acu calaois nó mí-rialtacht nó earráid eile is cúis leis. Le linn ár dtuairim a fhoirmiú rinneamar measúnú ar dhóthanacht fhoriomlán na slí inar cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cothrom, de réir Cleachtais Cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis i gcoitinne in Éirinn, ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta ar an 31 Nollaig 2008 agus ar an mbarrachas don bhliain dar chríoch an dáta sin.

Deloitte & Touche

Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
Baile Átha Cliath
24 Márta 2009

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2008

	Nótaí	**2008** €	2007 €
Ioncam			
Tobhach bainne – oibríochtaí leantacha	*2*	**625,881**	584,881
Ioncam eile	*3*	**55,761**	48,458
		681,642	633,339
Caiteachas			
Tuarastail agus aoisliúntas		**394,741**	396,955
Costais riaracháin	*4*	**230,911**	225,246
Díluachadh		**2,709**	4,110
		628,361	626,311
Barrachas don bhliain	*10*	**53,281**	7,028

Éiríonn an barrachas don bhliain as oibríochtaí leantacha amháin. Níl aon ghnóchain nó caillteanais aitheanta ann seachas mar a thuairiscítear sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Cheadaigh na Comhaltaí na ráitis airgeadais ar an 24 Márta 2009.

Denis Murphy
Cathaoirleach

Eamonn Bray
Comhalta

CLÁR COMHARDAITHE

AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG 2008

	Nótaí	2008 €	2007 €
Sócmhainní Dochta			
Sócmhainní inláimhsithe	6	**3,412**	4,881
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe	7	**101,917**	105,762
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	8	**1,394,946**	1,256,351
		1,496,863	1,362,113
CREIDIÚNAITHE (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	9	**(726,088)**	(646,088)
GLAN-SÓCMHAINNÍ REATHA		**770,775**	716,025
GLAN-SÓCMHAINNÍ		**774,187**	720,906
ARNA MAOINIÚ LE:			
Ciste carnaithe	10	**774,187**	720,906

Cheadaigh na Comhaltaí na ráitis airgeadais ar an 24 Márta 2009.

Denis Murphy
Cathaoirleach

Eamonn Bray
Comhalta

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2008

	2008	2007
	€	€
Gníomhaíochtaí Oibríochta		
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta (Nóta (a))	**84,074**	12,877
Torthaí ó infheistíochtaí agus ó sheirbhísiú airgeadaithe		
Ús a fuarthas	**55,761**	48,458
Caiteachas caipitiúil		
Íocaíochtaí chun sócmhainní dochta inláimhsithe a fháil	**(1,240)**	(2,401)
Méadú ar airgead tirim sa bhanc agus ar láimh (Nóta (b))	**138,595**	58,934

RÉITEACH AN RÁITIS SREABHAIDH AIRGID IN AGHAIDH GLUAISEACHTA I nGLANCHISTÍ

	2008	2007
	€	€
Méadú ar airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	**138,595**	58,934
Gluaiseacht sna glanchistí don bhliain	**138,595**	58,934
Glanchistí ag tús na bliana	**1,256,351**	1,197,417
Glanchistí ag deireadh na bliana (féach Nóta (b))	**1,394,946**	1,256,351

RÉITEACH AN RÁITIS SREABHAIDH AIRGID IN AGHAIDH GLUAISEACHTA I nGLANCHISTÍ

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2008

Nóta (a)

Réiteach an bharrachais oibríochta in aghaidh an ghlan-insreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta

	2008	2007
	€	€
Barrachas don bhliain	**53,281**	7,028
Díluachadh	**2,709**	4,110
(Méadú)/Laghdú ar fhéichiúnaithe	**3,845**	(8,603)
Méadú ar chreidiúnaithe	**80,000**	58,800
Ús a fuarthas	**(55,761)**	(48,458)
	84,074	12,877

Nóta (b)

	Ar an 1 Eanáir 2008	Sreabhaidh airgid	**Ar an 31 Nollaig 2008**
	€	€	**€**
Anailís ar athruithe ar ghlanchistí			
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	29,490	40,972	**70,462**
Taiscí airgid thirim	1,226,861	97,623	**1,324,484**
	1,256,351	138,595	**1,394,946**
Ghlanchistí	1,256,351	138,595	**1,394,946**

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2008

1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

(a) Nósmhaireacht chuntasaíochta

Déantar na ráitis airgeadais a ullmhú faoin nósmhaireacht chostais stairiúil.

(b) Díluachadh

Déantar díluachadh a ríomh chun costas sócmhainní dochta inláimhsithe a dhíscríobh thar a saolré fhóinteach ionchasach mar a leanas:

Troscán	10 bliana
Trealamh oifige	5 bliana
Trealamh ríomhaire	3 bliana

(c) Scéim Aoisliúntais

Tá comhairleoir pinsean na Gníomhaireachta tar éis an dréacht críochnaitheach de scéim aoisliúntais fhoireann na Gníomhaireachta dá dtagraítear i mír 14 den Sceideal a ghabhann le hAcht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994, a chur faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus na Roinne Airgeadais lena cheadú.

Tá daingniú tugtha ag an Roinn Airgeadais don Ghníomhaireacht go n-iompróidh an Státchiste an costas a ghabhann leis na sochair aoisliúntais go léir a íoc le fostaithe inphinsin na Gníomhaireachta, agus i leith na bhfostaithe sin, ach sin faoi réir an Ghníomhaireacht d'íoc na ranníocaí fostóra agus fostaí go léir atá bailithe go dtí seo agus a bhaileofar amach anseo leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (féach nóta 11).

Tá ranníocaí bliantúla na Gníomhaireachta i leith sochar aoisliúntais foirne bunaithe ar chomhairle achtúireach agus déantar iad a mhuirearú ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad.

Déantar ranníocaí aoisliúntais arna n-íoc ag an nGníomhaireacht agus ag daoine de chuid a foirne a shealbhú i gcuntas bainc ar leithligh (féach nóta 8).

2. AN TOBHACH BAINNE

Ón 1 Meitheamh 2008, is é atá sa ráta tobhaigh is iníoctha ag próiseálaithe bainne faoi Alt 8 d'Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994, ar bhainne a cheannaítear lena ól ina leacht ná 0.145 cent in aghaidh an lítir, sin méadú 0.018 cent in aghaidh an lítir i gcomparáid leis an tobhach roimhe seo is é sin le rá 0.127 cent in aghaidh an lítir.

Maidir leis an tobhach bainne is infhaighte agus a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, tá sé bunaithe ar thuairisceáin a fhaightear ó phróiseálaithe nó ar a soláthair mheasta bainne i gcás nach bhfaightear tuairisceáin.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2008 (ar leanúint)

3. IONCAM EILE

	2008	2007
	€	€
Ús ar thaiscí	**55,761**	48,458

4. COSTAIS RIARACHÁIN

	2008	2007
	€	€
Caiteachais foirne	**53,383**	48,990
Oiliúint agus oideachas	**3,500**	3,500
Caiteachais chomhaltaí	**22,179**	27,785
Luach saothair an Chathaoirligh (tá riaráistí €2,882 san áireamh don bhliain 2007)	**10,500**	13,382
Stáiseanóireacht	**4,473**	6,345
Tuarascáil bhliantúil	**19,173**	22,057
Teileafón	**10,807**	9,820
Postas	**5,318**	3,193
Foilseacháin	**901**	790
Táillí dlí	**7,854**	2,490
Táillí sainchomhairle	**10,692**	4,919
Táillí iniúchóireachta	**4,320**	5,138
Cíos	**44,840**	44,852
Árachas	**3,133**	3,432
Táillí cuntasaíochta agus táillí gairmiúla	**6,446**	6,884
Deisiúcháin agus athnuachan	**5,093**	5,900
Ilghnéitheach	**18,299**	15,769
	230,911	225,246

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2008 (ar leanúint)

5. CÁNACHAS

Tá an Ghníomhaireacht curtha san áireamh mar chomhlacht díolmhaithe faoin Ordú um an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Leasú ar Sceideal 4), 2002, le héifeacht ón 30 Nollaig 1994. Faoi Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, áfach, níl ús ar thaiscí a fhaigheann comhlachtaí stat-tionscanta neamhthráchtála sonraithe, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Bainne, i dteideal díolúine maidir le cáin choinneála ar ús ar thaiscí. Cuirtear ús ar thaiscí i láthair glan ó cháin choinneála ar ús ar thaiscí arbh é a bhí ann ná €13,940 (2007: €12,115).

6. SÓCMHAINNÍ DOCHTA INLÁIMHSITHE

	Troscán	Trealamh oifige	Trealamh ríomhaire	Iomlán
	€	€	€	€
Costas:				
Ar an 1 Eanáir 2008	12,658	20,126	65,042	97,826
Breisithe	-	159	1,081	1,240
Ar an 31 Nollaig 2008	12,658	20,285	66,123	99,066
Díluachadh:				
Ar an 1 Eanáir 2008	10,778	19,680	62,487	92,945
Muirearaithe sa bhliain	367	226	2,116	2,709
Ar an 31 Nollaig 2008	11,145	19,906	64,603	95,654
Leabharmhéideanna glana:				
Ar an 31 Nollaig 2008	**1,513**	**379**	**1,520**	**3,412**
Ar an 31 Nollaig 2007	**1,880**	**446**	**2,555**	**4,881**

7. FÉICHIÚNAITHE (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

	2008	2007
	€	€
Tobhach bainne atá infhaighte	**89,430**	83,461
Réamhíocaíochtaí	**10,566**	10,507
Féichiúnaithe eile	**1,921**	11,794
	101,917	105,762

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2008 (ar leanúint)

8. AIRGEAD SAN BHANC AGUS AR LÁIMH

Amhail ar an 31 Nollaig 2008 bhí suim €641,076 (2007: €577,589) á sealbhú i gcuntas bainc ar leithligh i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí i ndáil leis an scéim aoisliúntais d'fhoireann na Gníomhaireachta, ar scéim í atá le ceadú ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus ag an Roinn Airgeadais (féach nótaí l (c) agus 11).

9. CREIDIÚNAITHE (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

	2008	2007
	€	€
Ranníocaí aoisliúntais	**641,076**	577,589
Méideanna fabhraithe agus creidiúnaithe eile	**79,219**	59,659
ÍMAT/ÁSPC	**5,793**	8,840
	726,088	646,088

10. RÉITEACH GLUAISEACHTA SA CHISTE CARNAITHE

	2008	2007
	€	€
Barrachas carnaithe arna thabhairt ar aghaidh	**720,906**	713,878
Barrachas don bhliain	**53,281**	7,028
Ciste carnaithe arna thabhairt ar aghaidh	**774,187**	720,906

11. GEALLTANAIS MAIDIR LE hAOISLIÚNTAS

De réir fhorálacha Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne scéim aoisliúntais a bhunú d'fhoireann na Gníomhaireachta ar scéim í a oibreofar mar scéim sochair shainmhínithe. Tá comhairleoir pinsean na Gníomhaireachta tar éis an dréacht críochnaitheach den scéim aoisliúntais a chur faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus na Roinne Airgeadais agus táthar ag feitheamh le ceadú ina leith. I rith na bliana 2007, chuir an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia in iúl don Ghníomhaireacht go raibh ceadú tugtha ag an Roinn Airgeadais maidir leis an scéim pinsin a oibriú ar bhonn riaracháin lena n-áirítear Scéim do Chéilí agus Leanaí.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2008 (ar leanúint)

11. GEALLTANAIS AOISLINTAIS (ar leanúint)

Tá measúnú déanta ag achtúire cáilithe gairmiúil ar ranníocaí bliantúla na Gníomhaireachta agus muirearaítear na ranníocaí sin ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad. Ba é a bhí sa mhuirear don bhliain reatha ná €46,394 (2007: €45,596). Déantar ranníocaí aoisliúntais na Gníomhaireachta agus na ranníocaí aoisliúntais a bhailítear ó fhostaithe a shealbhú i gcuntas bainc ar leithligh agus íocfar leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia iad nuair a dhéantar an scéim aoisliúntais a cheadú go críochnaitheach. Ar an 31 December 2008, ba é a bhí sa mhéid a bhí á shealbhú sa chuntas bainc ar leithligh ná €641,076 (2007: €577,589) (féach nóta 8).

Ní mór Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 ("FRS 17") a chur i bhfeidhm ina iomláine i dtréimhsí cuntasaíochta dar tús an 1 Eanáir 2005 nó dá éis. In imthosca áirithe, ceadaítear le FRS 17 cuntas a thabhairt i leith scéimeanna sochair shainmhínithe amhail is dá mba scéimeanna ranníoca shainmhínithe iad gan aon cheanglas ann maidir le cuntas a thabhairt ar luach cothrom shócmhainní agus dhliteanais na scéime nó maidir le dliteanais na scéime a nochtadh.

Tá daingniú tugtha ag an Roinn Airgeadais don Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne go ndéanfaidh an Státchiste, faoi réir an Ghníomhaireacht d'íoc na ranníocaí fostóra agus fostaí go léir atá bailithe go dtí seo agus a bhaileofar amach anseo leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, an costas a iompar a ghabhann leis na sochair aoisliúntais go léir a íoc le fostaithe inphinsin na Gníomhaireachta, agus i leith na bhfostaithe sin. Dhaingnigh an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia nach rachaidh ráta bliantúil an ranníoca fostóra thar 16.67% de thuarastail.

Tá daingniú tugtha ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia don Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne freisin á rá, faoi réir an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne do dhéanamh na n-íocaíochtaí a shonraítear sa mhír sin roimhe seo, go nglacfaidh sí freagracht as teidil aoisliúntais chomhaltaí na scéime beartaithe, ar teidil iad a éiríonn as a gcomhaltas sa scéim sin, agus teidil chomhaltaí sheanscéim phinsin Bhord Bainne Cheantar Bhaile Átha Cliath a íoc.

Dá réir sin, measann an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne, ó tharla go mbeidh an éifeacht chéanna airgeadais ag an socrú sin le scéim sochair shainmhínithe, nach gá aon ábhar a nochtadh de bhun FRS 17.

AGUISÍN 6

REACHTANNA AGUS IONSTRAIMÍ REACHTÚLA A BHAINEANN LEIS AN nGNÍOMHAIREACHT

Reachtanna

Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994

Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil) (Leasú), 1995

Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil) (Leasú), 1996

Na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (Comhlachtaí Forordaithe) (Uimh. 2) 2002

Ionstraimí Reachtúla

I.R. Uimh. 409 de 1994 – An tOrdú Bainne (Soláthar a Rialáil) (An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne a Bhunú), 1994

I.R. Uimh. 460 de 1994 – An tOrdú um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (An Lá Toghcháin), 1994

I.R. Uimh. 234 de 1995 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Comhaltaí), 1995

I.R. Uimh. 252 de 1995 – An tOrdú um Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil) 1994 (Alt 5) (Tosach Feidhme), 1995

I.R. Uimh. 253 de 1995 – Ordú an Bhainne (Soláthar a Rialáil) (Tobhach), 1995

I.R. Uimh. 254 de 1995 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Míonna Geimhridh), 1995

I.R. Uimh. 309 de 1995 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (An Lá Toghcháin a Chúlghairm), 1995

I.R. Uimh. 347 de 1995 – Rialacháin an Bhainne (Soláthar a Rialáil) (Tuairisceáin Tobhaigh), 1995

I.R. Uimh. 348 de 1995 – Rialacháin an Bhainne (Soláthar a Rialáil) (Iarratas ar Chlárúchán), 1995

I.R. Uimh. 265 de 1996 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Táillí), 1996

I.R. Uimh. 184 de 1997 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (An Lá Toghcháin), 1997

I.R. Uimh. 185 de 1997 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Sheoladh), 1997

I.R. Uimh. 271 de 2000 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Sheoladh) (Leasú), 2000

I.R. Uimh. 272 de 2000 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (An Lá Toghcháin), 2000

I.R. Uimh. 368 de 2003 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (An Lá Toghcháin), 2003

I.R. Uimh. 369 de 2003 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Sheoladh) (Leasú), 2003

I.R. Uimh. 471 de 2006 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Sheoladh) (Leasú), 2006

I.R. Uimh. 472 de 2006 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (An Lá Toghcháin), 2006

AN GHNÍOMHAIREACHT
NÁISIÚNTA **BAINNE**

Teach IPC, 35-39 Bóthar Shíol Bhroin
Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4
Teil: 01 660 3396
Facs: 01 660 3389
Ríomhphost: natmilk@eircom.net
Idirlíon: www.nationalmilkagency.ie